

TOGRAÍ CAP I NDAIDH NA BLIANA 2020

Sheol an Coimisinéir Hogan dréacht-tograí CAP 2021-2027 go hoifigiúil i Meitheamh 2018.

NAOI GCUSPÓIR CAP

Tá na tograí CAP i ndiaidh na bliana 2020 bunaithe ar naoi gcuspóir ina leagtar amach an méid atá le baint amach faoin mbeartas maidir le feirmeoirí, saoránaigh agus an aeráid.



Tá na cuspóirí dírithe ar thrí théama lárnacha:

UAILLMHIAN NÍOS MÓ MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ

TIMPEALLACHTA AGUS AERÁIDE

Mar chuid den CAP nua díreofar níos mó ar dhul i ngleic leis an athrú aeráide, an timpeallacht a chosaint agus tírdhreacha agus an bhithéagsúlacht a chosaint. Caithfear 30% ar a laghad de mhaoiniú Cholún 2 ar bhearta a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaoil. Meastar go gcuirfear 40% de bhuiséad iomlán CAP ar fáil do ghníomhú ar son na haeráide.

Sa bhreis ar riachtanais éigeantacha uaillmhianacha, beidh deis ag feirmeoirí níos mó a dhéanamh agus breis tacaíochta a fháil trí scéimeanna deonacha éagsúla.

NUÁLÁIOCHT DO THALMHAÍOCHT CHLISTE INBHUANAITHE

Cuirfear buiséad sonrach €10 billiún ón gclár *Horizon Europe* go leataobh do thaighde agus do nuálaíocht i mbia, talmhaíocht, forbairt tuaithe agus sa bhithéacnamaíocht.

AG TACÚ LE FEIRMEOIRÍ

Mar chuid den CAP nua leanfar de thacaíocht a thabhairt d'fheirmeacha teaghlaigh atá ag croílár shaol na talmhaíochta san AE, chomh maith le feirmeoirí óga a spreagadh dul leis an bhfeirmeoireacht.

POINTÍ TÁBHACHTACHA MAIDIR LE TOGRAÍ CAP I NDAIDH NA BLIANA 2020

Pleananna Straitéiseacha CAP — Leagtar amach sna tograí go bhfuil oibleagáid ar Bhallstáit pleananna straitéiseacha CAP a ullmhú ina bhfuil cur síos ar an gcaiteachas ar fad faoi Cholún 1 agus faoi Cholún 2 ag díriú ar aschuir agus spriocanna a baineadh amach. Tá sé seo ina riachtanas nua do Bhallstáit.

Béim níos mó ar ghnéithe a bhaineann leis an timpeallacht — Leagtar amach sna tograí nach mór do Phleananna Straitéiseacha CAP tiomantas a thabhairt maidir le huailmhian níos mó i leith na timpeallachta ná mar atá faoi láthair faoi na scéimeanna reatha CAP. Tá an uaillmhian níos mó seo i leith na timpeallachta éigeantach do Bhallstáit agus is féidir le feirmeoirí páirt a ghlacadh ann ar bhonn deonach. Moltar sa togra seo go ndíreofar 40% de Cholún 1 ar bhearta a bhaineann leis an athrú aeráide agus go ndíreofar 30% de Cholún 2 ar bhearta deonacha breise agra-chomhshaoil.

Athruithe ar Íocaíochtaí Díreacha — Leagtar amach sna tograí nach mór do Bhallstáit an líon íocaíochtaí Díreacha atá níos mó ná €60,000 a bhronntar ar fheirmeoir a laghdú. Tugtar achoimre sna tograí freisin ar an mbealach nach mór do Bhallstáit laghdú de réir a chéile a chur i bhfeidhm ar íocaíochtaí Díreacha a dhéantar le feirmeoirí atá idir €60,000 agus €100,000.

Feirmeoir Ceart — Tugtar achoimre sna tograí a rá nach mbainfidh tacaíochtaí ach le feirmeoir “ceart”. Beidh gá cinneadh a dhéanamh faoin sainmhíniú sin ag leibhéal Bhallstáit. Sin lena chinntiú nach dtugtar tacaíocht dóibh sin nach cuid neamhthábhachtach dá gcuid gníomhaíochtaí eacnamaíocha iomlána í a ngníomhaíocht talmhaíochta nó do dhaoine nach í an talmhaíocht a bpríomhghnó.

Bainistiú Riosca — Áirítear sna tograí riachtanas éigeantach ar Bhallstáit maidir le bearta bainistithe riosca a thabhairt isteach.

Buiséad CAP i ndiaidh na bliana 2020

Foilsíodh na tograí don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (MFF) eile don tréimhse 2021 – 2027 i mBealtaine 2018. Tugtar achoimre sna tograí ar bhuiséad iomlán CAP an AE, tuairim is €365 billiún ar feadh tréimhse 7 mbliana, arna mbriseadh síos mar seo a leanas:

Colún 1: Tuairim is €286 billiún.

Colún 2: Tuairim is €79 billiún.

Is ionann sin agus ciorrú 3.9% ar Cholún 1 agus 15% ar Cholún 2.

Is €8.148 billiún an maoiniú CAP atá molta lena leithdháileadh ar Éirinn sa tréimhse 2021 – 2027 in íocaíochtaí díreacha agus €1.853 billiún i maoiniú forbartha tuaithe.

DRÉACHT-TOGRAÍ

Ba chóir a thabhairt ar aird nach bhfuil sna dréacht-tograí CAP agus MFF a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach ach tograí agus go bhfuil siad fós le haontú ag na Ballstáit. Táthar ag leanúint leis an idirbheartaíocht maidir leis na dréacht-tograí ag leibhéal an AE.



Rannóg an AE
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2,

Teil: 00 353 1 6072000

Rphost: cap_post2020@agriculture.gov.ie


Láithreáin Gréasáin Úsáideacha

www.consilium.europa.eu/en/policies/cap-future-2020/

www.agriculture.gov.ie/

AN COMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA (CAP)

Faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CAP) cosnaítear an t-ioncain a bhíonn ag teaghlaigh feirme, tacaítear leis na ngeilleagar tuaithe, cinntítear go dtáirgtear bia ar ardchaighdeán agus atá sábháilte do thomhaltóirí agus cosnaítear tírdhreacha tuaithe agus an timpeallacht.



BUNÚS CAP

Cruthaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na Róimhe faoi Chonradh na Róimhe i 1957. Bhí áit speisialta i gcónaí ag talmhaíocht i struchtúr eacnamaíoch agus sóisialta na hEorpa. Bunaíodh CAP i 1962 mar thoradh ar Chonradh na Róimhe. Ag an am sin, bhí tionchar an Dara Cogadh Domhanda fós le brath ar an Eoraip agus bhí fadhb mhór ann i ndáil le ganntanas bia. Bunaíodh CAP ar an mbunús go gcuirfí bia ar fáil ag praghsanna inacmhainne agus go gcinnteofaí caihdeán maith maireachtála d'fheirmeoirí.

SPRIOCANNA CAP

- Táirgeacht talmhaíochta a mhéadú trí dhul chun cinn teicniúil a chur chun cinn agus an úsáid is fearr a bhaint as gnéithe a bhaineann le táirgeadh, saothrú go háirithe;
- Caihdeán cóir maireachtála a chinntiú d'fheirmeoirí;
- Margaí a chobhsú;
- Infhaighteacht soláthairtí a chinntiú;
- Praghsanna réasúnacha a chinntiú do thomhaltóirí.

Trí leasuithe a dhéanamh ar CAP i ndiaidh a chéile, leagadh béim níos mó ar an timpeallacht a chosaint.

Is chun críocha eolais ghinearálta an t-ábhar atá sa treoir neamhfoirmiúil seo agus ní chuirtear comhairle dlí ná ghairmiúil ar fáil inti. Rinneadh an bhileog a thabhairt cothrom le dáta in 2019 agus tá roinnt faisnéise faoi réir athraithe. Cé go ndearnadh cúram mór treoir éifeachtach agus úsáideach a chur ar fáil, ba chóir aon cheist shonrach a chur ar aghaidh díreach chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

BAINÉANN STRUCTÚR DHÁ CHOLÚN LE CAP

Colún 1
Tacaíocht Ioncaim

Colún 2
Tacaíocht Bonneagair,
Comhshaoil agus
Forbartha

BAINÉANN STRUCTÚR DHÁ CHOLÚN LE CAP

- 10.8 milliún feirm teaghlaigh a chothabháil laistigh den AE;
- Poist a chruthú agus forás geilleagrach, go háirithe i gceantair thuaithe
- Thart ar 40% d'achar talún an AE a bhainistiú (175 milliún heicteár);
- A chinntiú go bhfuil an tAE neamhspleách ó thaobh bia a tháirgeadh agus gur onnmhaiseoir mór é;
- A chinntiú go bhfuil an tAE ina cheannródaí domhanda sa talmhaíocht inbhuanaithe;
- Na caighdeáin is airde a bhaint amach maidir le sábháilteacht bia mar aon le sláinte & leas ainmhithe; agus
- Baintear é seo ar fad amach trí 0.4% de GDP iomlán an AE.


CAD A BHAINTEAR AMACH D'ÉIRINN FAOI CAP?

- Earnáil agraibhia ina bhfostaítear níos mó ná 173,000 duine agus arb ionann sin agus 7.7% ó thaobh fostaíochta agus thart ar 7.7% den GNI;
- Tacaítear leis an earnáil dhúchasach is mó in Éirinn agus cuirtear le láimhdeachas €27 billiún;
- Is faoin tuath is mó atá an earnáil agraibhia bunaithe, rud a chinntíonn go mairfidh ceantair thuaithe agus cois farraige nach bhfuil mórán deiseanna fostaíochta eile le fáil iontu san am atá le teacht.
- Cuireadh le honnmhairí iomlána agraibhia €13.7 billiún in 2018 (méadú 73% ó 2009 i leith);
- Cuireann le hearraí poiblí a chur ar fáil trí thart ar 137,500 teaghlach feirme in Éirinn a bhainistiú thart ar 4.9 milliún heicteár de thalamh (thart ar 70% d'achar talún na hÉireann) d'fhonn torthaí dearfacha a bhaint amach don tírdhreach, don athrú aeráide, don bhitheagsúlacht agus do cháilíocht an uisce agus;
- In 2018, b'ionann tacaíochtaí CAP agus 74% d'ioncam theaghlaigh feirme ar an meán, a réimsíonn ó 34% sa déiríocht go dtí 158% i dtógáil eallai.

EARRAÍ POIBLÍ A CHUIRTEAR AR FÁIL DE BHARR

Cuirtear réimse d'earraí poiblí ar fáil trí scéimeanna CAP. Mar shampla, tugann 49,200 feirmeoir laistigh de Scéim Agra-chomhshaoil (GLAS) na hÉireann faoi ghníomhartha atá chun leas na bithéagsúlachta, an tírdhreacha, an uisce agus an athraithe aeráide. I measc samplaí, áirítear;

- 18,869 heicteár de Chlúdach Éan Fiáine trína gcuirfead 36,000 tonna de bhia éin ar fáil ar a laghad gach bliain ar feadh tréimhse cúig bliana;
- 14,780 km de shruthchúrsaí atá faoi chosaint ó ainmhithe buaibheacha;
- 119,700 heicteár de limistéar NATURA in GLAS agus
- 78,300 heicteár de thalamh feirme arna bhainistiú d'éin talaimh feirme faoi leith amhail an Traonach, Cromán na gCearc agus an Cág Cosdearg; agus
- Níos mó ná 21,942 heicteár d'idirbharrá á gcur gach bliain.




PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ MAIDIR LE CAP TAR ÉIS NA BLIANA

Ó thaobh na tíre seo de, tá líon tosaíochtaí i gceist maidir le CAP tar éis na bliana 2020 lena n-áirítear:

- Buiséad leordhóthanach do CAP a chinntiú;
- Tacú le forás inbhuanaithe maidir le táirgeadh bia;
- Cur le seasmhacht na hearnála agraibhia le dul i ngleic leis an tionchar a bhaineann le luaineacht níos mó ar an margadh domhanda;
- Athnuachan glúine a ghríosú;
- Áit an fheirmeora i slabhra soláthair an bhia a neartú;
- Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin timpeallachta; agus
- Ag infheistiú in imharthanacht agus i mbeocht na tuaithe

CAITEACHAS AR CAP AS CAITEACHAS IOMLÁN AN AE

Fuair feirmeoirí an AE tacaíocht arbh fhiú €58.82bn í ó bhuiséad foriomlán €160.11bn an AE sa mbliain 2018.



Source: CAP financing, European Commission, The common agricultural policy at a glance

Léirítear leis an leibhéal tacaíochta seo d'fheirmeoirí AE ó bhuiséad foriomlán an AE na héagsúlachtaí go léir atá i gceist lena chinntiú go mbeidh fáil leanúnach ar bhia ardchaighdeán a tháirgtear go hinbhuanaithe. Áirítear air sin tacaíocht ioncaim d'fheirmeoirí, gníomhú ar son na haeráide, agus tacú le pobail bhriomhara faoin tuath.

Déantar iocaíochtaí díreacha arb ionann iad agus €1.21bn a íoc le teaghlaigh feirme na hÉireann. Ina theannta sin, íocadh nach mór €630m amach faoin gclár forbartha tuaithe in 2018 ar bhain buntáiste leis ó thaobh traenála, an bhonneagair agus na timpeallachta. Tá na scéimeanna seo cómhaoinithe ag an Státchiste Náisiúnta.

